Eagrán : Márta 2013

Gaelscoil Chaobh na Coille

11/03/2013

## San eagrán seo:

### Inside this issue:


| | |
|---|---|
| Kíla sa scoil | 1 |
| Danny ó 'The Coronas' | 2 |
| Ceolchoirm na Féile Pádraig | 2 |
| Cór Fhéile Banna Ceoil & Rinceoirí Seite | 3 |
| Féile Scoildrámaíochta Drama Festival | 3 |
| Imeachtaí Scoile School Events | 3 |
| Tráth na gCeist Family Table Quiz | 4 |
| Stop Smaoinigh Gaeilge | 4 |
| Cruinniú Poiblí Gaelcholáiste an Phiarsaigh | 4 |




NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18






Rossa & Colm Ó Snodaigh i Rang N2

## KíLA

Bhí an-seachtain ceoil againn sa scoil an tseachtain seo thart. Ar an gCéadaoin thug 4 ceoltóir ón mBanna Ceoil Kíla cuairt ar an scoil. B'iad siúd Colm, Rossa, Eoin & Brian. Thugadar cuairt ag na ranganna ar fad ag seinnt ceoil, ag bualadh amach rithimeacha & ag insint scéalta greannmhara do na páistí! Bhain na páistí ar fad an-taithneamh go deo as an gcuairt. I rang a 3 thaispeáin Síofa, Abbie agus Aimee cúpla céim dóibh, rinne na rinceoirí seite an seit a rince dóibh agus thaispeáin Sean Ó Maoltuile gur féidir rince 'Kangam Style' a dhéanamh le ceol ghaelach! Sheinn an Múinteoir Chambers agus Tiarnán Ó Conaill in éineacht leo i Rang a 6 agus iad beirt chomh maith le ceoltóirí Kila!

Tá Kíla ag ceiliúradh 25 bliain ó tháinig siad le chéile mar bhanna ceoil i 1987. Tá 15 albam eisithe acu agus ceolchoirmeacha tugtha acu i 33 tír thart timpeall an domhan. Mar chuid dá gceiliúradh 25 bliain beidh Kíla ag seinnt in Amharclann an Mhuillinn i nDún Droma ar an Déardaoin an 28ú Márta.

Beidh seó speisialta á chur ar siúl acu do phaistí ag am lóin ag a 1pm agus seó do dhaoine níos sinne beagainín níos déanaí ag a 8pm. B'fhiú go mór na páistí a thabhairt ag an gceolchoirm sin má tá sibh saor.

*What a great musical week we've just had. On Wednesday 4 musicians from the Band Kíla visited the school. They were Colm, Rossa, Eoin & Brian. They visited each class and chatted, played and entertained the children with their funny stories! The children really enjoyed their visit and in some classes even showed off their own talents. In rang a 3 the set dancers strutted their stuff, Síofa, Abbie and Aimee danced to their music while Seán Ó Maoltuile showed us all that you can dance 'kangam style' to Irish music! In Rang a 6 an Múinteoir Chambers and Tiarnán Ó Conaill played along with the musicians showing off their own musical talent!*

*Kíla are celebrating their 25th year since the band begun! In October '87. Since then they have gone on to record 15 Albums, have travelled to 33 countries.*

*They will also be presenting their hugely popular children's show at 1pm in the Mill Theatre in Dundrum on Thursday the 28$^{th}$ of March (1$^{st}$ week of the Easter holidays). It would be well worth bringing the children along to that concert if you are around and free that day.*





Danny O'Reilly



Gaelscoil Thaobh na Coille





08/03/2013

## Danny Ó Raghallaigh : The Coronas

Danny le R6



Nach muide a bhí ar bís (daltaí & múinteoirí araon!) nuair a d'eagraigh an Múinteoir Chambers go dtiocadh Danny Ó Raghallaigh ó na Coronas isteach chun na scoile le canadh dúinn. Díoladh amach na ticéadaí ar fad do cheolchoirm na Coronas roimh Nollaig san O2 i mBÁC agus bhí sé ag teacht le canadh dúinne inár scoil!

Tá Gaeilge ag Danny (rinne sé Gaeilge sa Choláiste—leis an Múinteoir Ní Mhuirgheasa) agus chan sé leagann Gaeilge den amhrán 'Heroes and Ghosts' le tús a chur leis an gceolchoirm. Bhí sé go hálainn ar fad leis na daltaí agus dúirt sé go raibh sé níos neirbhísigh ag canadh dóibh siúd ná mar a bhí sé nuair a bhí sé ag canadh san O2!

Amhránaí & ceoltóir den scoth is ea é agus bua & traidisiún ceoil a mhuintir go smiorr ann (mac is ea é le Mary Black) agus é uasal, umhal lena hais sin.

*How excited we all were (pupils and teachers alike) when an Muinteoir Chambers arranged for Danny O'Reilly of The Coronas to come to perform for us in the school. The Coronas concert in the O2 before Christmas sold out and here he was agreeing to come to sing for us!*

*Danny speaks Gaeilge (having studied Irish in UCD alongside an Múinteoir Ní Mhuirgheasa!) and he opened our concert with an irish language version of The Coronas hit single* 'Heroes and Ghosts'. *Danny was great with the pupils, answering all of their questions and he told them that he was more nervous singing for them than he was when he was performing for thousands in the O2!*

*Not only is he a wonderfully accomplished singer, songwriter & musician whose musical pedigree (Danny is the son of Mary Black) is obvious but he was also extremely gracious and humble.*



Ceolchoirm

na Féile Pádraig

Déardaoin

14/03/2013

1pm—2.30pm

Fáilte Roimh Chách

## Ceolchoirm na Féile Pádraig : School Concert

Mar chuid de cheiliúradh seachtain na Gaeilge beidh ceolchoirm beag á chur ar siúl ag daltaí ó ranganna ar leith don chuid eile den scoil. Beidh an ceolchoirm seo ar siúl ar an Déardaoin seo ag teacht an 14 Márta ag a 1pm . Tá failte roimh thuismitheoirí freastal ar an gceolchoirm más mian leo & má tá siad saor.

As part of our celebrations for 'Seachtain na Gaeilge' some of the pupils/classes are putting on a small concert for the rest of the school. The concert will take place on this coming Thursday the 14th of March at 1pm. Parents are more than welcome to attend should they wish to do so.

- R1A : Dráma : Jack & an Gas Pónaire
- R1B : Dráma : Na Trí Muicíní
- R4 : Agallaimh Beirte
- R5 : Dráma : Turas go Meiriceá
- Rinceoirí Seite na Scoile
- Banna Ceoil na Scoile







## Banna Ceoil & Rinceoirí Seite : Music Band & Set Dancers

Ghlac Banna Ceoil agus Rinceoirí Seite na scoile páirt I gCór Fhéile na Scoileanna san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht oíche Chéadaoine. Fuaireadar ard-mholadh as an taispeántas a chuireadar ar siúl ansin agus bhíomar uilig an-bhródúil astu. Mile buíochas leis na múinteoirí, Tomás Mac Uileagóid, Cormac Chambers, Eavan Ní Mhuirgheasa & Úna Ní Fhlatharta as an obair ar fad a rinne siad leis na daltaí a ullmhú chun ceoil agus damhsa.

Our traditional music band and seit dancers took to the stage at Cór Fhéile na Scoileanna in the National Basketball Arena in Tallaght on Wednesday night. They recieved highl praised for their performances and we were all extremely proud of them. Mile buíochas to the múinteoirí, Tomás Mac Uileagóid, Cormac Chambers, Eavan Ní Mhuirgheasa & Úna Ní Fhlatharta for the great work they put into preparing the children for their performance.

## Féile Scoildrámaíochta : Drama Festival

Eagraíonn an Cumann Scoil-drámaíochta féilte drámaíochta chun drámaí Gaeilge a chur chun cinn ar fud na tire. Glacann breis is 10,000 dalta bunscoile & iar-bhunscoile páirt sa bhFéile Scoildrámaíochta gach bliain.

Comhghairdeas leis an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn & daltaí R5 as dul ar aghaidh go craobh Laighin sa bhFéile Scoil-drámaíochta leis an gceol dráma 'Turas go Meiriceá'. Insíonn an dráma seo scéal faoi chlann Éireannach agus iad ag dul ar imirce i rith an ghorta mór.

Beidh R5 ag taisteal anois go dtí an Muilinn Cearr do Chraobh Laighin an tseachtain seo chugainn agus súil acu dul tríd go Craobh na hÉireann a bheidh ar siúl i ndiaidh na Cásca.

*An Cumann Scoildrámaíochta organise a county wide drama festival to promote Irish language plays. Approximately 10,000 primary & secondary pupils participate in this drama festival each year.*

*Congratulations to an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn & Rang a 5 for progressing to the Leinster Finals in the Féile Scoldrámaíochta with their musical play 'Turas go Meiriceá' This play follows the journey of an Irish family who are forced to emigrate to the USA during the famine. R5 will be heading to Mullingar next week for the regional finals with the hope of making it through to the National Finals after Easter.*







## Saoire na Cásca : Easter Break

Scoil ag Dúnadh : School Closing

Aoine Friday 22/03/13

12.00



## Imeachtaí Scoile

### School Activities



R3
Tráth na gCeist
Máirt 12/03/13
10.30am
Gaelscoil na gCloch Liath



Banna Ceoil
Máirt 12/03/13
St Patrick's Glencullen
Our Lady of the Wayside

R5 & R6



Bliots Sacair & Tráth na gCeist



Céadaoin
13/03/13
9.30am



N1—R4
Céilí
Céadaoin 13/03/13
GS Thaobh na Coille



R3 & R4
Bowling
Aoine 15/03/13
Leisureplex Stigh Lorgan

Daltaí ó R4
Léig Fichealla
Máirt 19/03/13
Scoil Lorcáin





Lá Fhéile Pádraig
Saoire Poiblí
Luan 18/03/13

R3 - R6



Oliver
Ceoldráma
Máirt 19/03/13
11.00am
Coláiste Íosagáin/Eoin

## Ná Dearmad **Don't Forget**

### Gaelú na Gaelscoile




## Cumann na dTuismitheoirí

### Tráth na gCeist Clainne Family Table Quiz



*Imeacht bhliantúil atá sa Tráth na gCeist a eagraíonn Coiste na dTuismitheoirí & tuismitheoirí R3 mar chuid d'imeachtaí Seachtain na Gaeilge do dhaltaí & do thuismitheoirí R3 – R6.*

*Ceathrar a bhíonn ar gach foireann -2 dhalta & 2 thuismitheoir. Bíonn ceisteanna ann do na daltaí agus ceisteanna eile do na tuismitheoirí. D'éirigh go hiontach leis an imeacht seo 'sna blianta atá thart agus bhain gach éinne an-taithneamh as an ócáid shóisialta seo.*

*The Tráth na gCeist is an annual event that is organised by Coiste na dTuismitheoirí & the parents of R3 during seachtain na Gaeilge for the parents and pupils of R3 – R6.*

*Each team consists of 2 adults and 2 children (at least 1 adult per team). There will be questions for the children and questions for the adults. It has been a great success in the past and hopefully with your help will continue to be a really enjoyable social event for all. So please come along to what promises to be a really enjoyable family night out.*

Máirt 19 Márta : Tuesday 19th March : 7pm : Bígí Ann!

### STOP SMAOINIGH GAEILGE

Le 'Seachtain na Gaeilge' faoi lán tseoil cheanna féin sa scoil agus lá 'le Pádraig ag teacht gan mhoill táim ag súil go ndéanfaidh gach tuismitheoir sár-iarracht cibé Gaeilge atá acu a labhairt thart timpeall na scoile.

Beidh ár nGárdaí Gaeilge féin (daltaí ó na hardranganna) ag éisteacht libh sa chlós agus thart timpeall na scoile agus bronnfaidh siadsan duaiseanna beaga go laethúil ar na tuismitheoirí a dhéanann an t-iarracht is mó!

*With St. Patricks Day fast approaching and 'Seachtain na Gaeilge' well underway in school I'll be expecting parents to make a greater effort to speak whatever Gaeilge they have in and around the school.*

*Our very own Gárdaí Gaeilge (some of our senior pupils) will be listening very carefully to you in the 'clós' and around the school and they will be presenting small prizes on a daily basis to the parents they deem to be making the greatest effort!*



R6

Cóineartú

Confirmation

Aoine 22/03/13

11.00am

Séipéal Mhuire

Ath an Ghainimh

Cupán tae sa scoil ina dhiaidh — eagraithe ag Tuismitheoirí R5

Followed by tea /coffee in the school - organised by parents of R5

## Ná Déan Dearmad : **Don't forget**

